2024/3141

12.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3141 ÓN gCOIMISIÚN

an 11 Nollaig 2024

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi thrí ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcúigí British Columbia (2) agus Manitoba (1), ráigeanna a deimhníodh an 21 Samhain 2024 agus an 27 Samhain 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(6) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcontae Norfolk, Sasana, ráig a deimhníodh an 5 Nollaig 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 27 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California (14), Minnesota (3), North Dakota (3), South Dakota (5), Tennessee (1) agus Utah (1), ráigeanna a deimhníodh idir an 22 Samhain 2024 agus an 5 Nollaig 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(8) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Ceanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin a tharla le déanaí.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Ceanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin lena mbaineann na ráigeanna a tharla le déanaí a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(11) Ina theannta sin, sholáthair Ceanada agus na Stáit Aontaithe faisnéis cothrom le dáta don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach táirgí áirithe san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) Chuir Ceanada isteach faisnéis cothrom le dáta maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach i gcúige Saskatchewan, ráig a deimhníodh an 29 Deireadh Fómhair 2024, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) Chuir na Stáit Aontaithe isteach faisnéis cothrom le dáta maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Utah, ráig a deimhníodh an 15 Deireadh Fómhair 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(14) Chuir Ceanada agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag Ceanada agus na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme.

(15) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada agus na Stáit Aontaithe isteach, agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann a chur ar fionraí mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, maidir le teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann i gCeanada agus sna Stáit Aontaithe óna raibh a dteacht isteach san Aontas curtha ar fionraí, ba cheart é a athúdarú.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(17) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil le Ceanada agus na Stáit Aontaithe a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne.

(18) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinn V agus Iarscríbhinn XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Nollaig 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.238:

'CA Ceanada	CA-2.238	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		29.10.2024	6.12.2024'

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.245, CA-2.246 agus CA-2.247 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.244:

'CA Ceanada	CA-2.245	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		21.11.2024	
	CA-2.246		N, P1		21.11.2024	
	CA-2.247		N, P1		27.11.2024'	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an ró seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.331 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.330:

'GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.331	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		5.12.2024'	

(iv) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios US-2.683:

'US na Stáit Aontaithe	US-2.683	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		15.10.2024	6.12.2024'

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.716 go US-2.742 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.715:

'US na Stáit Aontaithe	US-2.716	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		25.11.2024	
	US-2.717		N, P1		22.11.2024	
	US-2.718		N, P1		27.11.2024	
	US-2.719		N, P1		27.11.2024	
	US-2.720		N, P1		27.11.2024	
	US-2.721		N, P1		27.11.2024	
	US-2.722		N, P1		29.11.2024	
	US-2.723		N, P1		27.11.2024	
	US-2.724		N, P1		29.11.2024	
	US-2.725		N, P1		22.11.2024	

	US-2.726		N, P1		2.12.2024	
	US-2.727		N, P1		29.11.2024	
	US-2.728		N, P1		29.11.2024	
	US-2.729		N, P1		29.11.2024	
	US-2.730		N, P1		29.11.2024	
	US-2.731		N, P1		3.12.2024	
	US-2.732		N, P1		3.12.2024	
	US-2.733		N, P1		4.12.2024	
	US-2.734		N, P1		3.12.2024	
	US-2.735		N, P1		4.12.2024	
	US-2.736		N, P1		4.12.2024	
	US-2.737		N, P1		4.12.2024	
	US-2.738		N, P1		4.12.2024	
	US-2.739		N, P1		5.12.2024	
	US-2.740		N, P1		5.12.2024	
	US-2.741		N, P1		5.12.2024	
	US-2.742		N, P1		5.12.2024’	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach an tuairisc seo a leanas ar chrios GB-2.331 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.330:

‘an Ríocht Aontaithe	GB-2.331	near Watton, Mid Norfolk, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.59 and Long: E0.92’

(ii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.716 go US-2.742 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.715:

‘na Stáit Aontaithe	US-2.716	State of Minnesota Meeker 16 Meeker County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.7380487°W 45.3292402°N)
	US-2.717	State of California Merced 15 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8441855°W 37.4820235°N)
	US-2.718	State of Utah Sanpete 21 Sanpete County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 111.7010448°W 39.3435832°N)

	US-2.719	State of South Dakota Faulk 04 Faulk County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.0490372°W 45.2130104°N)
	US-2.720	State of South Dakota Beadle 13 Faulk County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.2049754°W 44.6550632°N)
	US-2.721	State of North Dakota Ransom 02 Ransom County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.4437895°W 46.4126604°N)
	US-2.722	State of Tennessee Gibson 01 Gibson County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 88.8121691°W 36.0432140°N)
	US-2.723	State of Minnesota Meeker 17 Meeker County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.7259318°W 45.3309600°N)
	US-2.724	State of Minnesota Meeker 18 Meeker County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.6698436°W 45.3284092°N)
	US-2.725	State of North Dakota McHenry 02 McHenry County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 100.4001305°W 48.1554597°N)
	US-2.726	State of North Dakota Bottineau 02 Bottineau County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 100.5837468°W 49.0484769°N)
	US-2.727	State of California Merced 16 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.3267890°W 37.3951607°N)
	US-2.728	State of California Fresno 18 Fresno County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 119.7269380°W 36.5623371°N)
	US-2.729	State of California Fresno 19 Fresno County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 119.6811229°W 36.5607187°N)

	US-2.730	State of California Tulare 06 Tulare County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 119.3615730°W 36.5600491°N)
	US-2.731	State of South Dakota McPherson 11 McPherson County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.8351890°W 45.6944596°N)
	US-2.732	State of South Dakota Spink 12 Spink County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.0528429°W 44.8284039°N)
	US-2.733	State of South Dakota Charles Mix 10 Charles Mix County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.6595165°W 43.2680132°N)
	US-2.734	State of California Fresno 10 Fresno County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 119.9514794°W 36.4968027°N)
	US-2.735	State of California Sacramento 06 Sacramento County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.1942227°W 38.5370944°N)
	US-2.736	State of California Stanislaus 07 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.1045824°W 37.5404032°N)
	US-2.737	State of California Stanislaus 08 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.0128999°W 37.6282064°N)
	US-2.738	State of California Stanislaus 09 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.0627515°W 37.6087934°N)
	US-2.739	State of California San Joaquin 06 San Joaquin County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.4027507°W 38.2538323°N)
	US-2.740	State of California Merced 17 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8530684°W 37.5109607°N)

	US-2.741	State of California Merced 19 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8752658°W 37.5127148°N)
	US-2.742	State of California Merced 20 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8286797°W 37.5123272°N)’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.238:

‘CA Ceanada	CA-2.238	POU, RAT	N, P1		29.10.2024	6.12.2024
		GBM	P1		29.10.2024	6.12.2024’

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.245, CA-2.246 agus CA-2.247 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.244:

‘CA Ceanada	CA-2.245	POU, RAT	N, P1		21.11.2024	
		GBM	P1		21.11.2024	
	CA-2.246	POU, RAT	N, P1		21.11.2024	
		GBM	P1		21.11.2024	
	CA-2.247	POU, RAT	N, P1		27.11.2024	
		GBM	P1		27.11.2024’	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chrios GB-2.331 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.330:

‘GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.331	POU, RAT	N, P1		5.12.2024	
		GBM	P1		5.12.2024’	

(d) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios US-2.683:

‘US na Stáit Aontaithe	US-2.683	POU, RAT	N, P1		15.10.2024	6.12.2024
		GBM	P1		15.10.2024	6.12.2024’

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.716 go US-2.742 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.715:

‘US na Stáit Aontaithe	US-2.716	POU, RAT	N, P1		25.11.2024	
		GBM	P1		25.11.2024	
	US-2.717	POU, RAT	N, P1		22.11.2024	
		GBM	P1		22.11.2024	
	US-2.718	POU, RAT	N, P1		27.11.2024	
		GBM	P1		27.11.2024	

	US-2.719	POU, RAT	N, P1		27.11.2024	
		GBM	P1		27.11.2024	
	US-2.720	POU, RAT	N, P1		27.11.2024	
		GBM	P1		27.11.2024	
	US-2.721	POU, RAT	N, P1		27.11.2024	
		GBM	P1		27.11.2024	
	US-2.722	POU, RAT	N, P1		29.11.2024	
		GBM	P1		29.11.2024	
	US-2.723	POU, RAT	N, P1		27.11.2024	
		GBM	P1		27.11.2024	
	US-2.724	POU, RAT	N, P1		29.11.2024	
		GBM	P1		29.11.2024	
	US-2.725	POU, RAT	N, P1		22.11.2024	
		GBM	P1		22.11.2024	
	US-2.726	POU, RAT	N, P1		2.12.2024	
		GBM	P1		2.12.2024	
	US-2.727	POU, RAT	N, P1		29.11.2024	
		GBM	P1		29.11.2024	
	US-2.728	POU, RAT	N, P1		29.11.2024	
		GBM	P1		29.11.2024	
	US-2.729	POU, RAT	N, P1		29.11.2024	
		GBM	P1		29.11.2024	
	US-2.730	POU, RAT	N, P1		29.11.2024	
		GBM	P1		29.11.2024	
	US-2.731	POU, RAT	N, P1		3.12.2024	
		GBM	P1		3.12.2024	
	US-2.732	POU, RAT	N, P1		3.12.2024	
		GBM	P1		3.12.2024	
	US-2.733	POU, RAT	N, P1		4.12.2024	
		GBM	P1		4.12.2024	
	US-2.734	POU, RAT	N, P1		3.12.2024	
		GBM	P1		3.12.2024	
	US-2.735	POU, RAT	N, P1		4.12.2024	
		GBM	P1		4.12.2024	
	US-2.736	POU, RAT	N, P1		4.12.2024	
		GBM	P1		4.12.2024	
	US-2.737	POU, RAT	N, P1		4.12.2024	
		GBM	P1		4.12.2024	
	US-2.738	POU, RAT	N, P1		4.12.2024	
		GBM	P1		4.12.2024	

	US-2.739	POU, RAT	N, P1		5.12.2024	
		GBM	P1		5.12.2024	
	US-2.740	POU, RAT	N, P1		5.12.2024	
		GBM	P1		5.12.2024	
	US-2.741	POU, RAT	N, P1		5.12.2024	
		GBM	P1		5.12.2024	
	US-2.742	POU, RAT	N, P1		5.12.2024	
		GBM	P1		5.12.2024’	